**Imscrúdú Lorna Lynch SC**

**Nuashonrú Aibhreán 2024**

Tá a dréacht-tuarascáil críochnaithe ag Lorna Lynch SC agus é eisithe do na páirtithe ábhartha, agus coicís acu chun freagra a thabhairt uirthi. Bhí sí ag súil lena tuarascáil deiridh a eisiúint don Chathaoirleach sa tseachtain dar tús an 8 Aibreán 2024 ach iarradh síneadh ama le freagra a thabhairt agus ceadaíodh é. Níltear ag súil anois lena tuarascáil deiridh a fháil go dtí deireadh mhí Aibreáin.

**Cúlra**

I ndiaidh tuairiscí a foilsíodh sna meáin i mí Aibreáin 2022 inar tarraingíodh anuas saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le coinbhleachtaí leasa, feidhmiú na mBord beirte agus nósanna imeachta maidir le leithdháileadh cáschomhad agus leasuithe ar thuarascálacha na gcigirí, thug Cathaoirleach an Bhoird Pleanála David Walsh a bhí ann ag an am, treoir do thriúr ball d'Fhoireann Bainistíochta Sinsearach an Bhoird tabhairt faoi athbhreithniú inmheánach.

Scrúdaigh an fhoireann athbhreithnithe inmheánach thart ar 300 cáschomhad ('na Cáschomhaid').

Rinne an OPR athbhreithniú ar leithligh ar chórais agus nósanna imeachta áirithe a úsáideann an Bord Pleanála. Mar chuid den athbhreithniú, d'fhoilsigh an OPR dhá thuarascáil a foilsíodh ar an 4 Deireadh Fómhair 2022 agus ar an 20 Nollaig 2022 ina bhfuil roinnt torthaí agus moltaí atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna straitéiseacha agus rialachais laistigh den Bhord Pleanála.

Tá na hábhair a bhreithnigh an OPR agus na hábhair a bhreithnigh an fhoireann athbhreithnithe inmheánach ina bhforluí ar a chéile beagán.

**Téarmaí Tagartha do Lorna Lynch SC:**

**Cuid 1**

Tá treoir tugtha ag Cathaoirleach an Bhoird Pleanála do Lorna Lynch SC

imscrúdú scóipe a dhéanamh ar na nithe seo a leanas anois, ag féachaint do na Cáschomhaid:

leas tairbhiúil ag comhlachtaí an Bhoird iontu.

(I) Coinbhleachtaí leasa agus claonadh oibiachtúil nó iarbhír

(II) Dearbhuithe reachtúla faoi Alt 147 agus Alt 148 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000

(III) Leithdháileadh Chomhad an Bhoird ar Chomhaltaí agus ar Chigirí an Bhoird

(IV) An Chaoi ar úsáideadh Boird bheirte

(V) Leasuithe ar thuarascálacha na gCigirí

(VI) Cumarsáid le páirtithe seachtracha lasmuigh de na bealaí foirmiúla reachtúla nó riaracháin

Le linn dó na hábhair seo a imscrúdú, tugtar treoir don imscrúdaitheoir:

(i) An t-ábhar sin atá i seilbh an Bhoird Pleanála nó aonáin/daoine eile a athbhreithniú de réir mar a mheasann siad a bheith riachtanach,

(ii) Agallamh a chur ar, nó aighneachtaí scríofa a lorg ó cibé duine nó daoine de réir mar  a mheasann siad a bheith riachtanach,

(iii) Nuair a bheidh an t-athbhreithniú críochnaithe, agus na hagallaimh déanta a mheastar a bheith riachtanach, tuairisc a sheoladh chuig Cathaoirleach an Bhoird Pleanála, faoi cibé an bhfuil forais leordhóthanacha ann chun:

(a) I gcás comhalta den Bhord an t-ábhar a tharchur chuig an tAire le breithniú cibé ar tharla nó nár tharla mí-iompar sonraithe laistigh de bhrí Alt 106 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú;

(b) I gcás fostaí, nósanna imeachta a thionscnamh de réir na nósanna imeachta araíonachta infheidhme.

Chun amhras a sheachaint, tabharfar an t-ábhar go léir a bhí breithnithe ag an bhfoireann athbhreithnithe inmheánach don imscrúdaitheoir agus is féidir tuilleadh faisnéise a iarraidh agus/nó tabhairt faoi cibé agallamh le baill foirne reatha agus iarbhaill foirne agus le comhaltaí boird reatha agus iarchomhaltaí bhoird a mheasann siad a bheith riachtanach chun an t-imscrúdú scóipe seo a thabhairt chun críche.

Má chinntear sa tuarascáil faoi (a) thuas go bhfuil forais leordhóthanacha ann i gcás comhalta Boird chun an t-ábhar a tharchur chuig an Aire, féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Pleanála an t-ábhar a tharchur ansin don Aire.

Má chinntear sa tuarascáil faoi (b) thuas go bhfuil forais leordhóthanacha ann i gcás fostaí chun próiseas araíonachta a thionscnamh, féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Pleanála ansin an ábhar a tharchur don duine cuí faoi nósanna imeachta araíonachta an Bhoird.

Beidh an Cathaoirleach i dteideal freisin, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil, aon ní a tharchur chuig aon údarás reachtúil eile.

**Cuid 2**

Tugtar treoir don imscrúdaitheoir freisin na moltaí a rinne an OPR ina chuid

tuarascálacha a foilsíodh ar an 4 Deireadh Fómhair 2022 agus ar an 20 Nollaig 2022 a bhreithniú a mhéid a bhaineann siad leis na nithe ó I go VI thuas agus tuairisc a thabhairt don Chathaoirleach cibé acu an gá aon ábhar breise seachas na moltaí sin chun an riosca go bhféadfadh na hábhair sin tionchar a imirt ar ionracas agus ar chothroime phróisis chinnteoireachta an Bhoird amach anseo a mhaolú chomh fada agus is féidir.

Crioch